

ÚBE/GL/2024/07

13 Meitheamh 2024

Treoirlínte

maidir le pleananna téarnaimh faoi Airteagail 46 agus 55 de Rialachán (AE) 2023/1114

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an gcomhlíonann siad na treoirlínte seo nó an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 13.11.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt “ÚBE/GL/2024/07” úsáid. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuirisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuirisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte sin an fhormaid agus an fhaisnéis ba cheart a bheith sa phlean téarnaimh nach mór d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid a tharraingt suas agus a choinneáil ar bun de réir Airteagal 46 agus 55 de Rialachán (AE) 2023/1114².

Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid mar a shainmhínítear i bpointí 6 agus 7 d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 (dá ngairtear go comhpháirteach "na heisitheoirí" anseo feasta, chun críocha na dtreoirlínte seo).
7. Aon fhoráil de na treoirlínte seo a bhaineann le hábhar an phlean téarnaimh a mhéid a bhaineann leis an gcúlchiste sócmhainní, lena n-áirítear mír 29, uimhir 1) agus 3), mír 30, uimhir 6) agus 7), mír 31 agus mír 53, níl feidhm aici maidir le heisitheoirí comharthaí ríomh-airgid nach bhfuil faoi réir an cheanglais cúlchiste sócmhainní a shealbhú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1114.

Seolaithe

8. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (35), de Rialachán (AE) 2023/1114.
9. Dírithear na treoirlínte sin ar na heisitheoirí seo a leanas freisin, mar a shainmhínítear i bpointe 10 d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2023/1114:
 - a) comharthaí sócmhainn-tagartha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 6 den Rialachán sin (eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha [ARTanna]); agus
 - b) comharthaí ríomh-airgid a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 7 den Rialachán sin (eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid [EMTanna]).

² Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margáil i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

Sainmhínte

10. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

Téarma	Sainmhíniú
Cumas téarnaimh fhoriomlán	an cumas téarnamh a dhéanamh trí roghanna téarnaimh a chur chun feidhme i raon cásanna d'anás airgeadais agus neamhairgeadais
Eisiúint ilslabhra	comhartha sócmhainn-tagartha nó do chomhartha ríomh-airgid a eisítear agus a dháiltear ar níos mó ná teicneolaíocht mórleabhar dáilte amháin (DLT) nó ar theicneolaíocht chomhchosúil
Riosca díphionnála	an riosca go mbeidh luach an chomhartha sócmhainn-tagartha nó an chomhartha ríomh-airgid mí-ailínithe le luach margaidh na sócmhainne tagartha nó na sócmhainní tagartha, i.e. go dtiocfaidh difríochtaí chun cinn idir margadhluach an chomhartha agus margadhluach na sócmhainne dá dtagraítear.

3. Cur chun feidhme

An dáta iarratais

11. Tá feidhm ag na treoirlínte seo ó 13.11.2024.

4. Pleananna téarnaimh d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid

4.1 Comaoin chomhréireachta

12. D'fhonn a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis atá le soláthar i bplean téarnaimh, a formáid agus a hathbheithniú ag údaráis inniúla comhsheasmhach leis an bpróifíl riosca aonair, le cineál agus samhail ghnó an eisitheora ARTanna nó EMTanna agus le scála agus castacht a ghníomhaíochtaí, ba cheart d'eisitheoirí agus d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar phrionsabal na comhréireachta agus pleananna téarnaimh á dtarraingt suas nó á measúnú acu.
13. Chun an mhír roimhe seo a chur i bhfeidhm, ba cheart d'eisitheoirí agus d'údaráis inniúla na critéir uile seo a leanas a chur san áireamh:
 - a. méid, castacht, cineál agus samhail ghnó an eisitheora;
 - b. aicmiú an chomhartha sócmhainn-tagartha nó an chomhartha ríomh-airgid a eisítear mar chomhartha suntasach de bhun Airteagail 43 agus 44 agus Airteagail 56 agus 57 de Rialachán (AE) 2023/1114;
 - c. i gcás eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha: méid, luaineacht, comhdhéanamh, comhchruinniú agus cineál na gcúlsócmhainní agus an chomhartha sócmhainn-tagartha féin;
 - d. i gcás eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid: méid, luaineacht, comhdhéanamh agus comhchruinniú na sócmhainní atá mar thaca do na cistí a fuarthas;
 - e. tábhacht agus próifíl riosca soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a úsáidtear chun na seirbhísí a bhaineann leis na comharthaí sócmhainn-tagartha nó leis na comharthaí ríomh-airgid eisithe ag an eisitheoir faoi seach a chur ar fáil;
 - f. tábhacht agus próifíl riosca líonraí DLT a úsáideann an t-eisitheoir faoi seach chun comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid a eisiúint tríothu;
 - g. próifíl riosca soláthraithe tríú páirtí seachas soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus líonraí DLT a sholáthraíonn seirbhís TFC shuntasach nó chriticiúil don eisitheoir faoi seach.
14. Chun prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí a aicmítear mar chomharthaí suntasacha na ceanglais a leagtar amach i mír 62 a chur i bhfeidhm ar bhonn bliantúil ar a laghad agus gach catagóir táscairí plean téarnaimh a leagtar síos i míreanna 29 agus 30 a áireamh ina bplean téarnaimh.

4.2 Ábhar an phlean téarnaimh

15. Ba cheart na heilimintí uile seo a leanas a bheith sa phlean téarnaimh:

- a) achoimre ar phríomhghnéithe an phlean téarnaimh, mar a shonraítear a thuilleadh i Roinn 4.3 de na treoirlínte seo.
- b) faisnéis maidir le rialachas, lena n-áirítear creat táscairí plean téarnaimh agus tairseacha faireacháin, mar a shonraítear tuilleadh i Roinn 4.4 de na treoirlínte seo;
- c) tuairisc ar na roghanna aisghabhála is infheidhme, lena n-áirítear ar a laghad anailís ar chásanna aisghabhála, tuairisc ar bhearta ullmhúcháin agus faisnéis maidir le caomhnú seirbhísí mar a shonraítear tuilleadh i Roinn 4.5 de na treoirlínte seo;
- d) plean cumarsáide agus nochtá an phlean téarnaimh, mar a shonraítear a thuilleadh i Roinn 4.6 de na treoirlínte seo.

4.3 Achoimre ar phríomhghnéithe an phlean téarnaimh

16. Ba cheart d'eisitheoirí achoimre ar phríomheilimintí an phlean téarnaimh mar a leagtar síos i litreacha (b), (c) agus (d) de mhír 15 a áireamh ina bplean téarnaimh.

17. San achoimre ar phríomhghnéithe an phlean téarnaimh, ba cheart d'eisitheoirí na príomhathruithe ar an leagan roimhe sin den phlean téarnaimh a cuireadh faoi bhráid an údaráis inniúil a liostú agus a thabhairt chun suntais freisin.

4.4 Faisnéis maidir le rialachas

18. Ba cheart d'eisitheoirí tuairisc shoiléir mhionsonraithe a áireamh ina bplean téarnaimh ar na próisis rialachais a bhaineann le forbairt, cothabháil agus cur chun feidhme an phlean téarnaimh.

19. Ba cheart an méid seo a leanas ar a laghad a chumhdach san fhaisnéis maidir le rialachas dá dtagraítear sa mhír roimhe seo:

- a) ról/róil agus feidhm/feidhmeanna an duine/na ndaoine atá freagrach as an bplean a ullmhú, a chur chun feidhme agus a thabhairt cothrom le dáta;
- b) tuairisc ar an gcaoi a n-oireann an plean téarnaimh do rialachas inmheánach, straitéis ghnó agus creat bainistíochta riosca an eisitheora (lena n-áirítear ráiteas inghlacthachta riosca);
- c) tuairisc ar na próisis agus ar na tréimhsí ama atá le húsáid chun an plean a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil agus chun é a uasdátú d'fhonn freagairt d'aon athrú ábhartha a dhéanann difear don chomhartha sonracha, don eisitheoir nó dá thimpeallacht;
- d) na beartais agus na nósanna imeachta lena rialaítear formheas an phlean téarnaimh agus na hathbheithníthe agus na nuashonruithe a ghabhann leis;

- e) tuairisc ar na nósanna imeachta géaraithe, is é sin na coinníollacha agus na nósanna imeachta is gá chun cur chun feidhme tráthúil roghanna téarnaimh áirithe dá bhforáiltear sa phlean téarnaimh a áirithiú. Ba cheart a áireamh orthu sin ar a laghad faisnéis shoiléir maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta i ndáil le gníomhachtú an phlean téarnaimh bunaithe ar phróiseas géaraithe atá mionsonraithe go soiléir agus a bhfuil feidhm aige nuair a bhraitear sárú ar thairseach táscaire plean téarnaimh nó nuair is dócha go dtiocfaidh sé chun cinn go luath amach anseo, chun breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar an rogha aisghabhála a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh na gceanglas rialála ábhartha is infheidhme maidir leis an gcúlchiste sócmhainne a athbhunú nó chun leanúint de sheirbhísí a bhaineann leis an gcomhartha ábhartha a chur ar fáil;
 - f) an teorainn ama maidir leis an gcinneadh faoi ghníomhaíochtaí aisghabhála a dhéanamh agus an pointe ama, chomh maith leis na módúlachtaí, chun an t-údarás inniúil a chur ar an eolas;
 - g) an tuairisc ar tháscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla lena léirítear leochaileachtaí, laigí nó bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le méid, leachtacht agus leithdháileadh an chúlchiste sócmhainní agus na cistí nach mór d'eisitheoirí a choinneáil ar bun tráth ar bith de bhun Rialachán (AE) 2023/1114, mar a shonraítear a thuilleadh i míreanna 22-41.
20. I gcás ina bhfuil socrú déanta ag na heisitheoirí le heintitis tríú páirtí chun an cúlchiste sócmhainní a oibriú, agus chun an cúlchiste sócmhainní a infheistiú, chun an cúlchiste sócmhainní a chumhdach, agus, i gcás inarb infheidhme, chun na comharthaí a dháileadh ar an bpobal de bhun phointe (5)(h) d'Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart dóibh tuairisc shoiléir mhionsonraithe a áireamh ina bplean téarnaimh ar na próisis a bunaíodh chun faisnéis a mhalartú ar bhealach lena n-áiríteofaí gníomhachtú tráthúil an phróisis géaraithe a leagtar síos i mír 37 i gcás ina mbraithfeadh an t-eisitheoir nó an t-eintiteas tríú páirtí ábhartha sárú ar thairseach táscaire an phlean téarnaimh. Ba cheart don eisitheoir a shonrú sa phlean téarnaimh freisin conas a áirithítear leis an gcomhaontú le haon cheann de na tríú páirtithe sin go ndéantar an fhaisnéis a chomhroinnt go tráthúil ar bhealach a chuirfeadh ar chumas an eisitheora a bheith ar an eolas faoin sárú nó a aithint gur dócha go dtarlóidh an sárú go luath amach anseo ionas gur féidir an plean a ghníomhachtú go tráthúil.
21. Ina theannta sin, ba cheart d'eisitheoirí a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear ina bplean téarnaimh comhsheasmhach le ceanglais an phlean freagartha agus athshlánaithe TFC chomh maith le codanna ábhartha eile den bhainistiú riosca TFC a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2554³, nuair a bhí na heisitheoirí ábhartha faoi réir na gceanglas sin freisin.

Táscairí plean téarnaimh agus tairseacha faireacháin

22. Ba cheart d'eisitheoirí creat leordhóthanach de tháscairí an phlean téarnaimh a leagan síos sa phlean téarnaimh, trínar féidir leis an eisitheoir critéir réamhchinntithe a bhunú a d'fhéadfadh a léiriú go bhfuil gá le faireachán níos minice nó le gníomhachtú an phlean téarnaimh. Ba cheart

³ Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

na critéir sin a shocrú ar bhealach a chuirfidh ar chumas an eitheora faireachán a dhéanamh ar roghanna aisghabhála, iad a ghéarú agus a ghníomhachtú de réir mar is iomchuí.

23. Ba cheart do tháscairí an phlean téarnaimh próifíl riosca shonrach agus timpeallacht oibriúcháin an chomhartha agus an eitheora araon a léiriú. Mar sin, ba cheart calabrú tháscairí agus thairseacha an phlean téarnaimh a chur i bhfeidhm ar leibhéal an chomhartha, ach amháin i gcás na dtáscairí leordhóthanachta caipitil ar cheart iad a chalabrú ar leibhéal an eitheora, bunaithe ar a mhéid, a chastacht, a chineál agus a shamhail ghnó shonrach agus ar na táscairí riosca oibriúcháin agus táscairí muiníne an mhargaidh ar cheart iad a chalabrú ar leibhéal an eitheora agus ar leibhéal an chomhartha araon.
24. Agus measúnú á dhéanamh ar na cineálacha táscairí a áireofar sna pleananna téarnaimh, ba cheart do gach eitheoir breithniú cúramach a dhéanamh ar na cineálacha teagmhas a bhféadfadh sárú ar cheanglais rialála a bheith mar thoradh orthu agus táscairí sonracha a fhorbairt bunaithe ar a mheasúnú riosca inmheánach. Dá bhrí sin, ba cheart d'eitheoirí an liosta táscairí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a mheas mar liosta léiritheach, ionas go bhféadfaidh siad aon cheann nó gach ceann de na táscairí faoi gach catagóir a roghnú.
25. Ina theannta sin, níor cheart d'eitheoirí a sraith táscairí plean téarnaimh a theorannú don liosta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I. Ina ionad sin, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar na táscairí is iomchuí a áireamh, fiú mura n-áirítear iad in Iarscríbhinn I, bunaithe ar na critéir a leagtar síos sna treoirlínte seo, lena n-áirítear, mar shampla, táscairí a bheadh ina gcuidiú chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais, agus in aon imthosca eile nuair a sainaitníodh saincheisteanna maidir le réimse ábhartha.
26. Ba cheart d'eitheoirí a áirithiú go bhfuil liosta táscairí an phlean téarnaimh agus calabrú a dtairsí bunaithe ar a measúnú riosca inmheánach agus go bhfuil sé comhsheasmhach i gcónaí lena chreat inghlacthachta riosca. Ba cheart go spreagfadh athruithe ar inghlacthacht riosca na n-eitheoirí athbhreithniú ar liosta na dtáscairí agus na dtairseach aisghabhála, arb é is aidhm dóibh a mheas go bhfuil siad fós oiriúnach i gcás athruithe ar a gcreat inghlacthachta riosca.
27. Ba cheart d'eitheoirí a áireamh sa phlean téarnaimh go ndéanfaidh siad faireachán ar tháscairí an phlean téarnaimh le minicíocht leordhóthanach lena bhféadfaí taifid sonraí na dtáscairí a chur faoi bhráid an údaráis inniúil go tráthúil arna iarraidh sin dó. Ba cheart d'eitheoirí a shonrú freisin conas a dhéanfaidh siad faireachán ar na táscairí sin.
28. Ba cheart d'eitheoirí táscairí plean téarnaimh de chineál cainníochtúil agus cáilíochtúil araon a áireamh. Agus tairseacha táscairí an phlean téarnaimh chainníochtúil á socrú acu, i gcomhréir lena gcreat foriomlán bainistíochta riosca a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 45(3) agus 45(7)(b) de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'eitheoirí méadracht fhorchéimnitheach ("cur chuige soilse tráchta") a úsáid chun comhlacht bainistíochta an eitheora a chur ar an eolas go bhféadfaí tairseach táscaire den sórt sin a bhaint amach.
29. Ba cheart d'eitheoirí na catagóirí seo a leanas ar a laghad de tháscairí an phlean téarnaimh a áireamh sa phlean téarnaimh, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn I (Roinn A – "Catagóirí íosta do gach eitheoir ARTanna nó EMTanna"), go háirithe:
 - 1) táscairí riosca leachtachta, lena gcuirtear an t-eitheoir ar an eolas faoi mheath féideartha nó iarbhir ar phróifíl leachtachta an chúlchiste sócmhainní;

- 2) táscairí riosca oibriúcháin, lena dtugtar tuairisc ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as próisis, daoine agus córais inmheánacha neamhleora nó ar theip orthu nó as teagmhais sheachtracha, lena n-áirítear riosca dlíthiúil. Agus an cineál sin táscairí á chalabhrú, ba cheart d'eisitheoirí an cineál bun-teicneolaíochta (e.g. mórleabhar dáilte ceadaithe/gan chead) chomh maith lena castacht (e.g. droichid a bheith ann, cáilíocht na cripteagrafaíochta, etc.) a chur san áireamh go sonrach. Ba cheart d'eisitheoirí a mheas freisin go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag brath ar bhonneagar uathúil casta seachas ar bhonneagar caighdeánach, ní hamháin ar an gcumas é a ionadú, ach freisin ar infhaighteacht daoine atá in ann é a chothabháil agus a shocrú. I gcás eisiúintí ilshlabhra, ba cheart d'eisitheoirí táscairí sonracha a áireamh le haghaidh gach teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáidtear chun an comhartha sócmhainn-tagartha agus/nó an comhartha ríomh-airgid a dháileadh;
 - 3) táscairí riosca creidmheasa/cáilíochta sócmhainní, lena dtomhaistear forbairt cháilíocht sócmhainní an chúlchiste sócmhainní;
 - 4) táscairí a bhaineann le sócmhainní tagartha, lena dtomhaistear an riosca a bhaineann le hiarrataí fuascailte ollmhóra, e.g. de bharr cailteanas pionnála;
 - 5) táscairí leordhóthanachta caipitil, lena dtomhaistear an meath a d'fhéadfadh teacht ar chainníocht agus ar cháilíocht shuíomh caipitil an eitheora, lena n-áirítear leibhéal comhlíonta na gceanglas cistí dílse a leagtar síos in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2023/1114. Ba cheart calabhrú na dtáscairí sin a shocrú os cionn a n-íoscheanglas rialála is infheidhme. Níor cheart ach d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid nach institiúidí creidmheasa iad táscairí leordhóthanachta caipitil a úsáid.
30. Ba cheart d'eisitheoirí na catagóirí seo a leanas de tháscairí an phlean téarnaimh a áireamh sa phlean téarnaimh freisin, mar a shonraítear a thuilleadh in Iarscríbhinn I (Roinn B – Catagóirí íosta breise d'eisitheoirí ARTanna suntasacha agus EMTanna suntasacha, agus d'eisitheoirí eile nach dtugann údar iomchuí leis an neamháireamh don údarás inniúil):
- 6) táscairí riosca margaidh, a eascraíonn as na suíomhanna uile a áirítear sa chúlchiste sócmhainní, lena n-áirítear an luaineacht a bhaineann le luaineacht na sócmhainne nó na sócmhainní dá dtagraítear;
 - 7) táscairí riosca comhchruinnithe, lena gcuirtear i dtábhacht neamhchosaint iomarcach an chúlchiste sócmhainní ar chontrapháirtí aonair nó ar thacar idirnasctha contrapháirtithe;
 - 8) táscairí muiníne margaidh, lena léirítear an dearcadh diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag rannpháirtithe margaidh an eitheora nó an comhartha a d'fhéadfadh cur isteach ar rochtain an eitheora ar chistiú agus ar mhargaí caipitil nó méadú tapa ar iarrataí fuascailte a chinneadh;
31. De mhaolú air sin, díolmhaítear eisitheoirí comharthaí neamshuntasacha ó na catagóirí táscairí plean téarnaimh a leagtar síos sa mhír roimhe seo a áireamh fad a thugann siad údar iomchuí dá n-údarás inniúil nach bhfuil na catagóirí sin oiriúnach ná ábhartha do phróifíl riosca, do shamhail ghnó, do mhéid agus/nó do chastacht an eitheora.

32. I measc na dtáscairí a bhaineann leis an tsócmhainn nó na sócmhainní dá dtagraítear, ba cheart d'eisitheoirí táscaire riosca díphionnála ar a laghad a ionchorprú i gcónaí, arb é is aidhm dó an riosca a ghabháil go bhfuil margadhluach an chomhartha éagsúil le margadhluach na sócmhainne nó na sócmhainní dá dtagraítear. Ba cheart an táscaire riosca díchobhsaithe a thomhas mar an cóimheas idir margadhluach an chomhartha agus margadhluach na sócmhainne/na sócmhainní dá dtagraítear agus meastar go mbeidh sé cothrom le 1 i gcónaí, agus eatramh lamháltais ann nach mó ná 1%. Ba cheart go spreagfaí gníomhaíocht an eisitheora le cásanna cóimheasa níos ísle ná 1 mar a leagtar síos ina phlean téarnaimh.
33. Ba cheart d'eisitheoirí tuairisc shoiléir a thabhairt sa phlean téarnaimh chun sástachta an údaráis inniúil ar an gcaoi ar cinneadh calabrúcháin tháscairí an phlean téarnaimh agus ar an gcaoi a sárófaí na tairseacha luath go leor le go mbeidís éifeachtach.
34. Ba cheart d'eisitheoirí tuairisc a thabhairt sa phlean téarnaimh ar an gcaoi a ndéanfaidh siad faireachán agus nuashonrú rialta ar oiriúnacht tháscairí an phlean téarnaimh agus ar chalabhrú a dtairseach. Go háirithe, ba cheart d'eisitheoirí a shonrú conas a d'áiritheoidís go dtabharfaí an phlean téarnaimh cothrom le dáta i gcás ina bhfuil gá leis mar gheall ar athrú ar staid airgeadais agus ghnó an eisitheora agus/nó an chomhartha shonraigh. Ba cheart d'eisitheoirí a áireamh sa phlean téarnaimh gur cheart aon nuashonrú ar chalabhrú thairseacha táscaire an phlean téarnaimh a chur in iúl agus a mhíniú go pras don údarás inniúil. Ba cheart d'eisitheoirí a áirithiú i gcónaí go bhfuil táscairí an phlean téarnaimh agus a dtairseacha go hiomlán comhsheasmhach le creat bainistíochta riosca na n-eisitheoirí.
35. Ba cheart d'eisitheoirí ábhar an phlean téarnaimh a tharraingt suas ós rud é nár cheart go mbeadh aon uathoibríocht i ngníomhachtú roghanna téarnaimh ar thairseacha táscaire an phlean téarnaimh a shárú, agus gur faoin eisitheoir a bheadh sé cinneadh a dhéanamh an ngníomhachtóidh sé an phlean téarnaimh má bhíonn sárú ann agus cathain a ghníomhóidh sé é. Agus táscairí an phlean téarnaimh á gcalabhrú acu, ba cheart d'eisitheoirí a áirithiú go bhfuil an cinneadh sin ag céim luath go leor chun go mbeidh siad in ann gníomhaíocht a chur chun feidhme más gá.
36. Ba cheart d'eisitheoirí a bpróiseas cinnteoireachta inmheánach a leagan amach sa phlean téarnaimh. Ba cheart d'eisitheoirí a áirithiú go mbeadh an próiseas sin críochnúil agus bunaithe go maith, i gcomhréir le míreanna 39, 40 agus 41. Ina theannta sin, ba cheart d'eisitheoirí a lua ina bplean téarnaimh, cibé acu a chinneann an t-eisitheoir gníomhaíocht a dhéanamh nó nach gcinneann, go gcoinneoidh siad idirphlé oscailte agus gníomhach leis an údarás inniúil.
37. I gcás sárúithe ar thairseacha táscaire an phlean téarnaimh chun a gcumas rabhaidh a chomhlíonadh go héifeachtach, ba cheart d'eisitheoirí an méid seo a leanas a leagan síos ina bplean téarnaimh go ndéanfaidh siad go pras agus in aon chás:
- laistigh de 24 uair an chloig ar a mhéad ó thairseach táscaire an phlean téarnaimh a shárú, foláireamh a thabhairt do chomhlacht bainistíochta an eisitheora tríd an bpróiseas géaraithe iomchuí a ghníomhachtú chun a áirithiú go mbreithneofar aon sárú agus, i gcás inarb ábhartha, go ngníomhófar dá réir; agus
 - ar a dhéanaí laistigh de 24 uair an chloig tar éis an próiseas inmheánach géaraithe a ghníomhachtú, fógra a thabhairt don údarás inniúil faoin sárú ar thairseach táscaire an phlean téarnaimh.

38. Chun an dóchúlacht a chur san áireamh go bhféadfaí nach gceadófaí leis na tréimhsí ama a leagtar síos faoin mír roimhe seo don eisitheoir freagairt don sárú ar thairseach go tráthúil, ba cheart d'eisitheoirí an teorainn ama ab iomchuí chun na gníomhaíochtaí sin a fhorghníomhú a chinneadh, ar bhonn shainiúlachtaí a oibríochtaí, mhéid agus chastacht an chúlchiste sócmhainní. I gcás ar bith, níor cheart síneadh a chur leis na tréimhsí ama a shonraítear sa mhír roimhe seo.
39. Ba cheart d'eisitheoirí a shonrú sa phlean téarnaimh, i gcás inar sáraíodh tairseach táscaire plean téarnaimh, go ndéanfaidh comhlacht bainistíochta an eisitheora measúnú ar an gcás, cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhachtú an phlean téarnaimh a ghníomhachtú agus fógra a thabhairt go pras do na húdaráis inniúla. Ba cheart d'eisitheoirí a áireamh sa phlean téarnaimh freisin go gcumhdófar cineál na ngníomhaíochtaí téarnaimh a bheidh le déanamh leis an gcinneadh an plean téarnaimh a ghníomhachtú.
40. Ba cheart d'eisitheoirí a shonrú sa phlean téarnaimh freisin gur cheart an cinneadh dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a bheith bunaithe ar anailís réasúnaithe ar na himthosca a bhaineann leis an sárú.
41. Ba cheart d'eisitheoirí cur síos a dhéanamh sa phlean téarnaimh, i gcás ina gcinnfidh siad gníomhaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis an bplean téarnaimh, go gcuirfead plean gníomhaíochta ar fáil don údarás inniúil, gan moill mhíchuí, bunaithe ar liosta roghanna téarnaimh inchreidte agus indéanta a bheidh le húsáid sa staid struis sin, mar aon le plean ama chun an sárú a leigheas. Ba cheart a áireamh sa phlean téarnaimh freisin, i gcás nár cinneadh aon ghníomhaíocht, go soláthrófar míniú don údarás inniúil ina gcuirfead in iúl go soiléir na cúiseanna leis sin agus, i gcás inarb iomchuí, ina léireofar conas is féidir cineálacha sonracha táscairí agus a sárúithe a athbhunú gan bearta téarnaimh a úsáid.

4.5 Roghanna aisghabhála

42. Ba cheart d'eisitheoirí raon roghanna téarnaimh a leagan síos ina bplean téarnaimh atá saincheaptha do shamhail ghnó an eisitheora agus do chineál an chomhartha sócmhainn-tagartha nó ríomh-airgid a eisítear.
43. A mhéid a bhaineann leis na roghanna aisghabhála a leagtar síos in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'eisitheoirí an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm:
 - a) ba cheart don phlean téarnaimh uasmhéid a shocrú le haghaidh táillí leachtachta atá le forchur ar fhuascailtí agus ba cheart dó an chaoi a gcuirfead ré an bhirt in iúl don phobal a leagan síos;
 - b) agus uasmhéid na dtáillí leachtachta atá le forchur ar fhuascailtí á shocrú, ba cheart d'eisitheoirí a áirithiú nach gcuirfí an rogha aisghabhála sin i bhfeidhm mar bhealach chun acmhainní leachtachta an eisitheora a mhéadú ar chostais sealbhóirí comharthaí; ba cheart d'eisitheoirí a áirithiú nach gcuirfí an rogha aisghabhála sin i bhfeidhm ach go sealadach le linn na céime anáis agus é mar aon chuspóir amháin leis sin iarrataí ar fhuascailt a laghdú agus luach an chomhartha á chobhsú ag an am céanna;
 - c) ba cheart leibhéil chainníochtúla éagsúla teorainneacha ar líon nó ar mhéid na gcomharthaí is féidir a fhuascailt ar aon lá oibre a leagan amach sa phlean téarnaimh. Ba cheart na leibhéil sin a chinneadh bunaithe ar dhéine an tsáraithe nó na sárúithe ar

thairseacha táscaire an phlean téarnaimh nó ar thairseacha táscaire an phlean téarnaimh agus ba cheart iad a shocrú ar an leibhéal comhiomlán (e.g. mar chéatadán de mhéid iomlán na gcomharthaí a eisítear) agus ar leibhéal na tiachóige;

- d) ba cheart míniú a thabhairt sa phlean téarnaimh ar na gníomhaíochtaí feabhais eile a dhéanfaidh an t-eisitheoir a luaithe a bheidh fuascailtí curtha ar fionraí aige. Ba cheart d'eisitheoirí a áireamh ina bplean téarnaimh go measfaidh siad go bhféadfadh cur ar fionraí fuascailtí tionchar diúltach a imirt ar a gcáil agus ar mhuinín sealbhóirí comharthaíochta agus go bhféadfadh líon ní b'airde iarrataí ar fhuascailt a bheith mar thoradh air nuair a chuirfear deireadh leis an bhfionraí. Ba cheart d'eisitheoirí a áireamh ina bplean téarnaimh go mbreithneoidh siad go háirithe ar cheart bearta eile a bheith ag gabháil le deireadh a chur leis an bhfionraí, lena n-áirítear táillí leachtachta nó teorainneacha leis an méid comharthaí is féidir a fhuascailt ar bhonn laethúil, ach gan bheith teoranta dóibh sin;
- e) ba cheart d'eisitheoirí a áireamh sa phlean téarnaimh an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu comhlíonadh na gceanglas rialála a athbhunú agus na chéad chéimeanna eile a chur in iúl go soiléir don mhargadh.

44. I dteannta na roghanna téarnaimh a liostaítear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'eisitheoirí rogha aisghabhála amháin ar a laghad a áireamh lena neartófaí an suíomh caipitil agus rogha aisghabhála amháin arb é is aidhm di staid leachtachta an eisitheora a fheabhsú. Soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach de roghanna aisghabhála a d'fhéadfadh a bheith ann in Iarscríbhinn III.

45. Ba cheart a áireamh sa phlean téarnaimh freisin mionsonraí faoi aon bheart ullmhúcháin ba cheart don eisitheoir a dhéanamh chun cur chun feidhme an phlean téarnaimh a éascú nó chun a éifeachtacht a fheabhsú mar aon le hamlíne chun na bearta sin a chur chun feidhme, chomh maith le tuairisc ar aon bhearta is gá chun baic ar chur chun feidhme éifeachtach na roghanna téarnaimh a sainiú sa phlean téarnaimh a shárú.

46. I gcás gach rogha téarnaimh, ba cheart d'eisitheoirí measúnú féidearthachta a áireamh sa phlean téarnaimh, lena gcumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad:

- a) measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an rogha aisghabhála, agus leas á bhaint, aon uair is féidir, as aon taithí ar an rogha aisghabhála nó beart coibhéiseach a fhorghníomhú; agus
- b) anailís agus tuairisc ar aon bhac ábhartha ar fhorghníomhú éifeachtach tráthúil na rogha aisghabhála agus tuairisc ar cibé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí baic den sórt sin a shárú agus conas a d'fhéadfaí iad a shárú.

47. Ina theannta sin, ba cheart d'eisitheoirí a leagan amach le haghaidh gach rogha aisghabhála conas a áiritheofar leanúnachas na n-oibríochtaí agus an rogha sin á cur chun feidhme. Ba cheart a áireamh leis sin anailís ar oibríochtaí inmheánacha (e.g. córais teicneolaíochta faisnéise, soláthróirí agus oibríochtaí acmhainní daonna) agus ar rochtain an eisitheora ar phríomhsheirbhísí ó thríú páirtithe atá fíor-riachtanach chun a oibríochtaí a dhéanamh go tráthrialta.

48. Chun inchreidteacht na roghanna téarnaimh a chruthú, ba cheart d'eisitheoirí fianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil a sholáthar chun tacú leis na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo ó gach rogha. In aon chás, ba cheart go sonrófaí sa phlean téarnaimh ar a laghad na hítimí a liostaítear in Iarscríbhinn II.
49. Ba cheart d'eisitheoirí a oibríonn gnólachtaí seachas eisiúint comharthaí sócmhainn-tagartha agus/nó comharthaí ríomh-airgid measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí dá gcumas téarnaimh fhoriomlán a eascraíonn as na gnólachtaí eile sin agus ba cheart dóibh a áireamh sa phlean téarnaimh go nglacfaidh siad na bearta is iomchuí chun comhlíonadh Airteagail 46 agus 55 de Rialachán (AE) 2023/1114 a áirithiú.
50. Ba cheart d'eisitheoirí a áireamh ina bplean téarnaimh an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na roghanna téarnaimh chun a áirithiú gur dócha go n-athbhunóidh cur i bhfeidhm an phlean téarnaimh comhlíonadh na gceanglas rialála is infheidhme maidir leis an gcúlchiste sócmhainní.
51. Ba cheart d'eisitheoirí an próiseas atá beartaithe do chéim an chur chun feidhme a áireamh sa phlean téarnaimh, lena n-áirítear i gcónaí idirphlé oscailte gníomhach leis an údarás inniúil chun aistriú rianúil a áirithiú i dtreo chur chun feidhme phlean fuascailte ordúil an eisitheora de bhun Airteagail 47 agus 55 de Rialachán (AE) 2023/1114 i gcás inar léir nach féidir comhlíonadh na gceanglas rialála is infheidhme maidir leis an gcúlchiste sócmhainní a athbhunú.

Cásanna téarnaimh

52. Ba cheart d'eisitheoirí a áirithiú go leagfar síos ina bpleananna téarnaimh líon leordhóthanach cásanna a bhfuil a gcineál éagsúil go leor chun déileáil le raon leathan suaití.
53. Agus a bpleananna téarnaimh á bhforbairt acu, ba cheart d'eisitheoirí cásanna anáis ar fud an chórais airgeadais agus/nó cásanna neamhghnácha anáis airgeadais agus/nó cásanna anáis neamhairgeadais (lena n-áirítear anás seirbhísí) a úsáid chun a gcumas pleanála téarnaimh a thástáil. Ba cheart cásanna a úsáidtear le haghaidh pleanáil aisghabhála a dhearadh ar bhealach a bheadh ina mbagairt ar chomhlíontacht an eisitheora leis na ceanglais is infheidhme maidir leis an gcúlchiste sócmhainní mura gcuirfeadh an t-eisitheoir bearta aisghabhála chun feidhme go tráthúil. Ba cheart do gach eisitheoir líon agus castacht na gcásanna a chinneadh agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh i gcomhréir le Roinn 4.1.

Caomhnú seirbhísí

54. Ba cheart d'eisitheoirí a leagan síos sa phlean téarnaimh an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu oibríochtaí a aisghabháil go tráthúil agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i gcás imeachtaí lena mbaineann riosca suntasach go gcuirfí isteach ar oibríochtaí. Ba cheart d'eisitheoirí na seirbhísí atá beartaithe acu a chaomhnú bunaithe ar a samhail ghnó a liostú sa phlean téarnaimh freisin agus a mhionsonrú conas a áiritheoidh siad caomhnú na seirbhísí a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha agus ríomh-airgid. Ba cheart go n-áireofaí ar liosta na seirbhísí atá le caomhnú seirbhísí a bhaineann le heisiúint agus fuascailt comharthaí ar a laghad. I gcás ina bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag cur chun feidhme na roghanna téarnaimh ar sholáthar aon cheann de na seirbhísí a sainaithníodh ag an eisitheoir, ba cheart a leagan amach sa tuairisc ar na roghanna téarnaimh conas a bheartaíonn an t-eisitheoir leanúnachas na seirbhísí sin a áirithiú agus an plean téarnaimh á chur chun feidhme.

55. Ba cheart d'eisitheoirí a oibríonn socruithe íocaíochta in euro – mar a shainítear i gcreat formhaoirseachta an Eurochórais le haghaidh ionstraimí, scéimeanna agus socruithe íocaíochta leictreonacha (creat PISA) – a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí téarnaimh dá bhforáiltear sa phlean téarnaimh comhsheasmhach leis an gcuspóir cloí leis na prionsabail a leagtar amach i gcreat PISA.
56. Ina theannta sin, ba cheart d'eisitheoirí a áirithiú nach ndéanfaidh gníomhaíochtaí dá bhforáiltear ina bplean téarnaimh difear míchuí do chumas aon soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a ndéileálann siad leo⁴ Rialachán (AE) 2022/2554 a chomhlíonadh.

4.6 Plean cumarsáide agus nochta

57. Ba cheart d'eisitheoirí plean cumarsáide agus nochta a áireamh sa phlean téarnaimh ina leagfaí amach an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir sealbhóirí ceadchomharthaí agus geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear an pobal, a chur ar an eolas faoi chur chun feidhme na roghanna téarnaimh. Ba cheart a áireamh sa phlean cumarsáide agus nochta freisin tograí éifeachtacha chun bainistiú a dhéanamh ar aon fhreagairt mhargaidh a d'fhéadfadh a bheith diúltach.
58. Leis an bplean cumarsáide agus nochta, ba cheart soiléiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir na nithe seo a leanas a chur in iúl:
- a) go himhneánach, go háirithe don fhoireann, do chomhairlí oibreacha agus d'ionadaithe foirne eile, más ann dóibh; agus
 - b) go seachtrach, go háirithe sealbhóirí comharthaí, scairsealbhóirí agus infheisteoirí eile, údaráis inniúla, margaí airgeadais agus bonneagair an mhargaidh airgeadais, contrapháirtithe eile agus an pobal i gcoitinne, de réir mar is iomchuí.
59. Ba cheart d'eisitheoirí a áireamh sa phlean cumarsáide agus nochta freisin conas a áiríteoidh siad go gcaomhnófar a seirbhísí a bhaineann le ceadchomharthaí, na hamlínte atá beartaithe chun a n-oibríochtaí a aisghabháil agus chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ba cheart don phlean cumarsáide agus nochta freastal freisin ar chásanna nach dócha go ndéanfaidh an t-eisitheoir oibríochtaí a aisghabháil nó go gcomhlíonfaidh sé a oibleagáidí, rud a fhágfaidh go ngníomhachtófar plean fuascailte an eisitheora.
60. Leis an bplean cumarsáide agus nochta, ba cheart na bealaí cumarsáide agus na straitéisí (nó meascán díobh) a bheartaíonn an t-eisitheoir a úsáid le linn na céime téarnaimh a shoiléiriú. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart d'eisitheoirí an méid seo a leanas a mheas:
- a) d'fhéadfadh riachtanais chumarsáide éagsúla a bheith ag geallsealbhóirí éagsúla;
 - b) d'fhéadfadh sé gur ghá páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a chur ar an eolas ag céimeanna éagsúla; agus

⁴ Déantar tagairt do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní (SSCS) a sholáthraíonn seirbhísí cumhdaigh, a thairgeann seirbhísí malairte chun ART a thiontú go hairgeadra fiat agus a mhalairt. Níor cheart na gníomhaíochtaí téarnaimh a ndéanann an t-eisitheoir iad a bheith i gcoinbhleacht le cumas na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní comhlíonadh Rialachán maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais a choinneáil ar bun.

- c) d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le straitéisí cumarsáide sonracha le haghaidh roghanna aisghabhála éagsúla.

4.7 Formáid agus cothabáil an phlean téarnaimh

61. Ba cheart d'eisitheoirí a bplean téarnaimh a dhréachtú i dteanga shoiléir, shothuigthe. Ba cheart an plan téarnaimh a bheith iomlán, féinmhínitheach, cruinn agus ba cheart an fhaisnéis uile a liostaítear sna treoirlínte seo ar a laghad a bheith ann.
62. Ba cheart d'eisitheoirí a áireamh ina bplean téarnaimh go ndéanfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ann a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil agus ar a laghad gach uair a thiocfaidh athrú ábhartha ar phróifíl ghnó nó airgeadais an eisitheora agus/nó an chomhartha a eisítear. Ba cheart aon athbhreithniú nó nuashonrú ar an bplean a chur in iúl don údarás inniúil gan moill mhíchuí. Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí suntasacha a áireamh ina bplean téarnaimh go ndéanfaidh siad an fhaisnéis a sholáthraítear ann a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ar a laghad.

4.8 Idirghníomhaíocht idir oibleagáidí éagsúla maidir le planáil téarnaimh

Eisitheoirí iomadúla an chomhartha céanna agus eisitheoirí a bhfuil dhá chomhartha nó níos mó á dtáirgeadh acu don phobal

63. I gcás ina n-eisíonn eisitheoirí iomadúla comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, ba cheart do gach eisitheoir a áireamh ina bplean téarnaimh conas a áiritheoidh siad comhordú éifeachtach i measc na bpleananna téarnaimh faoi seach. Go háirithe, ba cheart d'eisitheoirí bearta iomchuí a bhunú ina bplean téarnaimh arb é is aidhm dóibh an méid seo a leanas a áiritheú:
- a) go mbeidh táscairí an phlean téarnaimh ailínithe a mhéid is féidir;
 - b) go socraítear tairseacha táscairí an phlean téarnaimh a bhaineann le ceadchomharthaí ar an leibhéal céanna;
 - c) go mbeidh na roghanna téarnaimh a leagtar síos i ngach plan comhsheasmhach lena chéile;
 - d) go gcomhaontófar agus go gcomhordófar gníomhachtú agus forghníomhú na bpleananna téarnaimh faoi seach i measc na n-eisitheoirí uile;
 - e) nach mbeidh tionchar míchuí ag cur chun feidhme roghanna aisghabhála áirithe ag ceann de na heisitheoirí ar chur chun feidhme roghanna aisghabhála eile ag na heisitheoirí eile;
 - f) go ndéantar na plananna téarnaimh a fhorghníomhú ar bhealach ina gcaitear go cothrom agus go cothrom le gach sealbhóir comhartha.
64. Maidir leis an bhformáid, ba cheart d'eisitheoirí a thairgeann dhá chomhartha nó ní ba mhó don phobal plan téarnaimh a dhréachtú le haghaidh gach comhartha sócmhainn-tagartha

agus/nó comhartha ríomh-airgid a eisíonn siad agus táscairí agus tairseacha an phlean téarnaimh a bhaineann go sonrach le comharthaí a chalabrá ann.

65. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas ar cheart d'eisitheoirí a thairgeann dhá chomhartha nó ní ba mhó don phobal plean téarnaimh ar leithligh a dhréachtú do gach comhartha a eisítear nó plean téarnaimh aonair a dhréachtú atá roinnte ina ranna ar leithligh, agus eilimintí a bhaineann go sonrach le ceadchomhartha á leagan síos ag gach ceann acu. Ba cheart an dara rogha sin a eisiamh i gcás ina n-eiseodh ní ba mhó ná eisitheoir amháin ceann de na comharthaí.
66. Ba cheart d'eisitheoirí a thairgeann dhá chomhartha nó níos mó don phobal an méid seo a leanas a áirithiú ar a laghad:
- a) go bhfuil táscairí an phlean téarnaimh a bhaineann le heisitheoir comhsheasmhach agus socraítear na tairseacha faoi seach ar an leibhéal céanna;
 - b) nach bhfuil na roghanna aisghabhála a leagtar síos do gach comhartha ag teacht salach ar a chéile;
 - c) nach mbeadh tionchar diúltach ag gníomhachtú agus forghníomhú plean téarnaimh amháin ar ghníomhachtú agus ar fhorghníomhú pleananna téarnaimh eile;
 - d) nach gcuireann cur chun feidhme aon rogha aisghabhála isteach ar sholáthar seirbhísí a bhaineann leis na comharthaí eile a eisítear.

Eisitheoirí atá faoi réir oibleagáidí eile maidir le pleanáil téarnaimh faoi reachtaíocht eárnalach an Aontais

67. I gcás inar institiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta é an t-eisitheoir a bhfuil sé de cheangal air plean téarnaimh a tharraingt faoi Threoir 2014/59/AE⁵, faoi réir comhaontú a fháil roimh ré leis na húdaráis inniúla a ainmnítear faoi Rialachán (AE) 2023/1114 agus faoi Threoir 2014/59/AE, agus faoi réir chomhlíonadh na gceanglas rúndachta a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE, déanfaidh an t-eisitheoir sin an méid seo a leanas:
- a) iarscríbhinn a áireamh sa phlean téarnaimh a dhréachtaítear agus a fhorhmeastar i gcomhréir le Treoir 2014/59/AE (an “plean téarnaimh BRRD” [an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc]) ina mbeidh an fhaisnéis uile a shonraítear sna treoirlínte seo, trí chrostagairt a dhéanamh do na ranna ábhartha den phlean téarnaimh BRRD atá oiriúnach chun ranna 4.2 go 4.6 de na treoirlínte seo a chomhlíonadh, agus/nó trí ranna nó faisnéis nua a áireamh i gcás inar gá chun na treoirlínte seo a chomhlíonadh;
 - b) eisitheoirí a roghnaíonn rogha faoi litir a) thuas, ba cheart dóibh an plean téarnaimh faoi Rialachán (AE) 2023/1114 a dhréachtaítear i bhfoirm na hiarscríbhinne dá dtagraítear faoi litir a) thuas a chur faoi bhráid an údaráis inniúil a ainmnítear faoi

⁵ Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

Rialachán (AE) 2023/1114; ba cheart don eitheoir ranna agus leathanaigh shonracha an phlean téarnaimh BRRD ina bhfuil an fhaisnéis a leagtar síos sna treoirlínte seo san áireamh a shainaithint go soiléir i ráiteas/san innéacs.

68. Níl feidhm ag an mír roimhe seo a mhéid a bhaineann le hinstiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta ar eitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha iad.

Iarscríbhinn I – Liosta de chatagóirí íosta táscairí an phlean téarnaimh agus liosta léiritheach de tháscairí an phlean téarnaimh

Liosta de chatagóirí íosta agus liosta neamh-uileghabhálach de tháscairí an phlean téarnaimh	
A. Catagóirí íosta do gach eisitheoir ARTanna agus EMTanna	
Catagóir 1. Táscairí riosca leachtachta	
a)	Táscairí ar amharc in institiúidí creidmheasa agus (i gcás inarb infheidhme) i mbainc cheannais/méid fuascailte laethúil (meán cúig lá rollacha)
b)	Táscairí ar amharc in institiúidí creidmheasa agus (i gcás inarb infheidhme) i mbainc cheannais + comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais ar féidir iad a fhoirceannadh le fógra aon lae oibre + ionstraimí airgeadais fíorleachtacha/an méid fuascailte laethúil is airde le trí mhí anuas
c)	Táscairí ar amharc in institiúidí creidmheasa agus (i gcás inarb infheidhme) i mbainc cheannais + comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais ar féidir iad a fhoirceannadh le fógra cúig lá oibre + ionstraimí airgeadais fíorleachtacha/suim na gcúig mhéid fuascailte laethúla is airde le dhá mhí dhéag anuas
d)	Táscairí ar amharc in institiúidí creidmheasa agus (i gcás inarb infheidhme) i mbainc cheannais + comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais ar féidir iad a fhoirceannadh le fógra aon lae oibre + ionstraimí airgeadais fíorleachtacha/suim den mhéid fuascailte laethúil is airde le trí mhí anuas do na (x ⁶) sealbhóirí ceadchomhartha is mó
e)	Glansreabhadh laethúil, i.e. ceadchomhartha eisithe – ceadchomhartha fuascailte (meán cúig lá rollach)
Catagóir 2. Táscairí riosca oibriúcháin	
a)	Aon teagmhas a chuireann isteach go mór ar fheidhmiú rialta sheirbhísí an eisitheora nó ar a leanúnachas gnó (e.g. éaradh fada seirbhíse a dhéanann difear do chórais TF nó do chórais seachadta comharthaí; teipeanna bonneagair, lena n-áirítear mífheidhmithe na Teicneolaíochta Mórleabhar Dáilte; rioscaí a eascraíonn as idir-inoibritheacht bonneagar éagsúil, e.g. trí dhroichid), agus i gcás inarb é soláthraí seirbhíse tríú páirtí is cúis leis freisin
b)	An cuspóir aga athshlánaithe (i.e. an t-uasmhéid ama inghlactha chun téarnamh ó chliseadh táirge nó córais)
c)	Tréimhse uasta ó d'éirigh príomhphearsanra as oifig nó óna n-asláithreacht ar feadh tréimhse fhada
d)	Sárú nó sárú ionchasach ar aon cheanglas rialála

⁶ Líon na sealbhóirí ceadchomharthaí is mó trí na prionsabail a leagtar síos sna treoirí seo a chur san áireamh. Is féidir táscairí iomadúla a úsáid, gach ceann acu le líon difriúil de na sealbhóirí comhartha is mó má oireann sé seo níos fearr lena gcleachtais bainistíochta riosca.

e) Riosca dlíthiúil
Catagóir 3. Táscairí riosca creidmheasa/cáilíochta sócmhainní
a) Sócmhainní airgeadais fíorleachtacha a bhfuil táscairí lagaithe acu (e.g. táscairí lagaithe ar cháilíocht chreidmheasa mar a leagtar síos in IFRS 9)/cúlchiste sócmhainní
b) Méid iomlán an chúlchiste sócmhainní a shealbhaítear mar thaiscí arna gcur i dtaisce in institiúidí creidmheasa a bhfuil an rátáil chreidmheasa is ísle acu de réir inghlacthacht riosca an eisitheora i gcomhréir le hAirteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114 / taisce baincéireachta iomlán laistigh den chúlchiste sócmhainní
c) Fad ón íosleibhéal rósholáthair urrúis chomhthaobhaigh (mar a shonraítear faoi Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114)
d) Athrú diúltach ar rátáil chreidmheasa príomhchontrapháirtithe (e.g. institiúid creidmheasa a bhfuil taisce eisitheora ina seilbh aici)
Catagóir 4. Táscairí a bhaineann le sócmhainní tagartha
a) Riosca díphionnála, le tomhas mar an cóimheas idir margadhluach an chomhartha agus margadhluach na sócmhainne/na sócmhainní dá dtagraítear
b) Athruithe rialála a dhéanann difear diúltach don tsócmhainn nó do na sócmhainní dá dtagraítear
c) Reo nó athrú diúltach suntasach ar leachtacht an mhargaidh i gcás ina malartaítear an tsócmhainn nó na sócmhainní dá dtagraítear
Catagóir 5. Táscairí leordhóthanachta caipitil
a) Táscaire cistí dílse
B. Catagóirí íosta breise d'eisitheoirí ARTanna suntasacha agus EMTanna suntasacha agus d'eisitheoirí eile nach dtugann údar iomchuí leis an neamháireamh don údarás iniúil
Catagóir 6. Táscairí riosca margaidh
a) Cóimheas "Athrú laethúil ar mhargadhluach cúlchiste sócmhainní/(x ⁷) meán lae rollaigh"
b) Cóimheas luaineacht "Cúlchiste sócmhainní/sócmhainní tagartha"
c) Íogaireacht d'athruithe ar rátaí úis an chúlchiste sócmhainní
d) Cóimheas "Luach faoi Riosca an chúlchiste sócmhainní/chistí dílse an eisitheora"
Catagóir 7. Táscairí riosca comhchruinnithe
a) Cóimheas "Luach an chomhartha i seilbh na gcúig chontrapháirtí is mó/luach iomlán an chomhartha a eisíodh"
b) Cóimheas "(Taisce ag grúpa baincéireachta aonair + urrúis eisithe ag contrapháirtí aonair)/uasteorainn chomhchruinnithe ⁸ "
c) Cóimheas comhchruinnithe taiscí a shealbhaítear in institiúidí creidmheasa/cóimheas uasta comhchruinnithe le haghaidh taiscí

⁷ Líon na laethanta, trí na prionsabail a leagtar síos sna treoirí seo a chur san áireamh. Is féidir go leor táscairí a úsáid, gach ceann acu le tréimhse ama difriúil má oireann sé sin níos fearr dá gcleachtais bainistíochta riosca.

⁸ I gcomhréir le hAirteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114.

Catagóir 8. Táscairí muiníne margaidh
a) Cumhdach diúltach sna meáin ⁹ don eisitheoir nó do na comharthaí a eisítear
b) Nuacht dhiúltach nó clúdach diúltach sna meáin le haghaidh príomhchontrapháirtithe (e.g. soláthraí seirbhísí cumhdaigh; bainc a shealbhaíonn méid ábhartha taiscí)
c) Sárú nó sárú ionchasach ar thairseacha tháscairí an phlean téarnaimh i gcoibhneas le haon chomhartha eile a eisítear
d) Athruithe ábhartha ar mhinicíocht nó ar mhéid na n-íocaíochtaí a dhéantar tríd an gcomhartha a úsáid agus ar an mbealach a úsáidtear comharthaí mar mhodh íocaíochta
e) Lagú ar chlú an eisitheora nó ar chlú phríomhionadaithe an eisitheora
f) Méadú tobann ar iarrataí fuascailte
g) Laghdú tobann ar eisiúint comhartha

I measc na dtagairtí⁹ do na meáin tá líonraí sóisialta agus ardáin speisialaithe bhlagála.

Iarscríbhinn II – Liosta na míreanna atá le cur san áireamh sa tuairisc ar gach rogha aisghabhála

1. Ítimí don tuairisc ar na roghanna aisghabhála:
 - a) Achoimre ar na heilimintí riachtanacha.
 - b) Tuairisc ar an rogha aisghabhála.
 - c) Forbhreathnú ar na príomhthoimhdí is bun le gach rogha aisghabhála.
 - d) Measúnú ar na himpleachtaí straitéiseacha a bhaineann leis an rogha aisghabhála a fhorghníomhú.
 - e) Measúnú ar an tionchar airgeadais i ngnáthdhálaí margaidh agus i ndálaí anáis sa mhargadh.
 - f) Na hiarmhairtí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an rogha aisghabhála.
 - g) Amlíne le haghaidh forghníomhú éifeachtach, lena n-áirítear an t-amchlár a bhfuiltear ag súil leis chun na gníomhaíochtaí is gá a chur chun feidhme.
 - h) Aon spleáchas ar chontrapháirtithe seachtracha le haghaidh forghníomhú éifeachtach.
 - i) Comheisiachas – cé acu atá roinnt roghanna aisghabhála comheisiach ar a chéile.
 - j) Idirthuilleamaíochtaí – cé acu a d'fhéadfadh gníomhachtú rogha aisghabhála amháin difear a dhéanamh do chur chun feidhme rogha eile ina dhiaidh sin nó go comhuaineach.
 - k) Breithnithe oibríochtúla, amhail ceanglais formheasa agus an cumas dhá rogha aisghabhála nó níos mó a chur chun feidhme ag an am céanna.
 - l) Measúnú ar na srianta a d'fhéadfadh a bheith ar fhorghníomhú éifeachtach. Tá an measúnú sin ábhartha go háirithe maidir le roghanna dá dtagraítear faoi phointe (1) d'Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2023/1114.
 - m) An straitéis chumarsáide chun sealbhóirí na gcomharthaí a chur ar an eolas faoi aon bheart a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt orthu.

Iarscríbhinn III – Liosta neamh-uileghabhálach de roghanna téarnaimh féideartha a d'fhéadfadh eisiitheoirí a úsáid ina bpleananna téarnaimh

1. Méadú caipitil.
2. Cistí breise a chur ar fáil go díreach.
3. Rochtain ar shaoráidí caighdeánacha bainc ceannais, i gcás inarb incháilithe.
4. Athrú ar chomhdhéanamh agus/nó laghdú ar riosca an chúlchiste sócmhainní.
5. Athrú ar an soláthraí tríú páirtí (e.g. soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní).
6. Ceannach ráthaíochtaí airgeadais ó institiúid chreidmheasa nó ó chuideachta árachais a chumhdaíonn luach an chúlchiste sócmhainní.
7. Díol gnó.
8. Cumasc le heisiitheoir eile.
9. Eisiúint amháin comharthaí sócmhainn-tagartha a chumasc le heisiúint eile.
10. Bearta tráchtála.

